Teifigh ón Úcráin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theifigh ón Úcráin atá ag teacht go hÉirinn. Féach ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír, leis an duine in aice leat. An féidir libh iad a aistriú go Gaeilge?

1. The Red Cross Society _____
2. offer _____
3. it is reported _____
4. to settle _____
5. launch _____
6. yoga classes _____
7. third _____
8. temporary _____
9. contract _____
10. guesthouses _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair an cheist seo:

Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas?

10,000: _____
20,000: _____
570: _____
566: _____
485: _____
480: _____
125: _____
90: _____
25: _____
2,589: _____
2,500: _____

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 Anois, féach ar an mír arís agus cum cúig cheist, bunaithe ar an mír, le cur ar an duine in aice leat.

Ceist 4 Éist le hAilbhe arís agus é ag déanamh cur síos ar na figiúirí ar an scáileán.



Cén fáth a bhfuil séimhiú aige ar ‘Ciarraí’, ‘Clár’ agus ‘Dún na nGall’?

Ceist 5 ‘…ba mhaith linn seans a **thabhairt**…’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal atá i gcló trom?

Cuir an fhoirm cheart de na briathra atá idir lúibíní sna spásanna thíos.

1. Caithfidh tú an aiste sin a (scríobh) _____ anocht.
2. Is breá liom a (bí) _____ ag siúl cois farraige.
3. Nach mór duit bronntanas a (ceannaigh) _____ don mhúinteoir?
4. Ní féidir liom an obair bhaile seo a (déan) _____!
5. Ar mhiste leat an doras a (dún) _____, le do thoil?
6. Beidh an comhlacht in ann é a (soláthair) _____ amárach.
7. An féidir leat an madra a (cuir) _____ amach?
8. Is fuath leis an teach a (glan) _____.
9. An féidir leat é a (abair) _____ arís, le do thoil?
10. Caithfidh siad an t-airgead a (faigh) _____.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Conas a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú íomhánna de na hÚcránaigh ag teitheadh ón Úcráin?
2. Conas a mhothaíonn na teifigh iad féin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. The Red Cross Society	*Cumann na Croise Deirge*
2. offer	*tairiscint*
3. it is reported	*tuairiscítear*
4. to settle	*lonnú*
5. launch	*lainseáil*
6. yoga classes	*ranganna ióga*
7. third	*trian*
8. temporary	*sealadach*
9. contract	*conradh*
10. guesthouses	*tithe aíochta*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3 Ceisteanna samplacha:
Cá mhéad teifeach atá tagtha go hÉirinn go dtí seo?
Cá mhéad tairiscint atá déanta ag Éireannaigh le lóistín a chur ar fáil?
Cá mhéad tairiscint atá faighte ó Chontae Mhaigh Eo le lóistín a chur ar fáil?
Cá mhéad teifeach atá i mBun Dobhráin / i Liatroim / i gContae na Gaillimhe?
Cá mhéad seomra atá Óstán Chuan Charna ag cur ar fáil?
Cad a bhí le rá ag Máirín Murray?
Cad atá i gceist leis an ngrúpa *Tech For Good Dublin*?
Cén fáth ar luadh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige sa mhír?

Ceist 4
'Bhí 570 tairiscint faighte as Contae Chiarraí, 566 ó Chontae an Chláir, 485 as Maigh Eo agus 480 ó Dhún na nGall.'

Contae C**h**iarraí: Nuair a thagann ainmfhocal cinnte sa ghinideach (Ciarraí) i ndiaidh ainmfhocal eile (Contae), is gnách an t-ainmfhocal sin (Ciarraí) a fhágáil gan infhilleadh agus séimhiú a chur air.

ó C**h**ontae an C**h**láir: Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **ó**; tá séimhiú ar 'Clár' mar tá an t-ainmfhocal sin sa tuiseal ginideach, uatha.

ó D**h**ún na nGall: Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí **ó**.

Ceist 5: An t-ainm briathartha
1. Caithfidh tú an aiste sin a **scríobh** anocht.
2. Is breá liom a **bheith** ag siúl cois farraige.
3. Nach mór duit bronntanas a **cheannach** don mhúinteoir?
4. Ní féidir liom an obair bhaile seo a **dhéanamh**!
5. Ar mhiste leat an doras a **dhúnadh**, le do thoil?
6. Beidh an comhlacht in ann é a **sholáthar** amárach.
7. An féidir leat an madra a **chur** amach?
8. Is fuath leis an teach a **ghlanadh**.
9. An féidir leat é a **rá** arís, le do thoil?
10. Caithfidh siad an t-airgead a **fháil**.

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Go dtí seo tá beagnach 10,000 teifeach tagtha go hÉirinn as an Úcráin ó thosaigh an cogadh. Deir Cumann na Croise Deirge go bhfuil beagnach 20,000 tairiscint déanta ag an bpobal le lóistín a chur ar fáil dóibh.

Ailbhe Ó Monacháin
Taobh amuigh de Chúige Laighean agus de na cathracha móra, is i Loch Garman, i dTiobraid Árann agus i Luimneach atá an líon is mó tairiscintí déanta chuig Cumann na Croise Deirge le lóistín a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin. Inniu, bhí os cionn 19,000 tairiscint faighte acu ón tír uilig[1]. Bhí 570 tairiscint faighte as Contae Chiarraí, 566 ó Chontae an Chláir, 485 as Maigh Eo agus 480 ó Dhún na nGall.

Ón Chéadaoin[2] seo caite tá 125 teifeach ón Úcráin tagtha go Bun Dobhráin i ndeisceart Dhún na nGall. Agus tá Óstán McGettigan's i Leitir Ceanainn ag cur an óstáin uilig ar fáil do theifigh atá ag teacht ón tseachtain seo ar aghaidh.

I Liatroim, deir an grúpa *Leitrim Helps Ukraine* go bhfuil suas le 90 duine tagtha chuig an chontae ón tír sin. Agus i gContae na Gaillimhe, tuairiscítear go bhfuil grúpa ón Úcráin le lonnú in Óstán Chuan Charna, áit a bhfuil cúig sheomra is fiche ar fáil.

Inniu, lainseáil an grúpa *Tech for Good Dublin*, suíomh darb ainm Pryvit.ie a chuideos[3] le pobal na hÚcráine a thiocfas[4] go hÉirinn.

Máirín Murray, Bunaitheoir, www.techforgooddublin.org
Is é *pryvit* an focal fá choinne *hello* sa teanga *Ukrainian* (in Úcráinis). Agus ba mhaith linn seans a thabhairt do chomhlachtaí, do ghrúpaí, cuir fáilte roimh dhaoine (fáilte a chur roimh dhaoine) atá ag teacht go hÉirinn, ag lorg áit shábháilte. Ar an suíomh, is féidir leat fógra a chur suas ar an suíomh agus cheana féin tá fógraí againn mar ranganna lóga, cupán caife saor in aisce, deasca oibre, rudaí mar sin.

Ailbhe Ó Monacháin
Go dtí seo tá 9,762 teifeach tagtha go hÉirinn ó thosaigh an cogadh san Úcráin le trí seachtaine anuas. Léiríonn na figiúirí gur le seachtain anuas a tháinig trian acu sin. Tá lóistín sealadach tugtha do 2,589 ag an Roinn Leanaí, Comhionannais agus Lánpháirtíochta[5]. Le cúpla lá, tá conradh déanta acu maidir le 2,500 seomra in óstáin, tithe aíochta agus tithe príobháideacha.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

[1] an leagan canúnach de 'uile'
[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[3] 'a chuideos' = a chuideoidh
[4] 'a thiocfas' = a thiocfaidh
[5] *An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige* an teidil iomlán